Deireadh Fómhair 2019/QP.21 © QQI

# BEARTAS QQI.

## Beartas le haghaidh Athbhreithniú Tionscnaimh ar an Dearbhú Cáilíochta i mBoird Oideachais agus Oiliúna

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland

# CLÁR

1. RÉAMHRÁ....3
- **1.1** Comhthéacs Reachtúil....4
- **1.2** Cé lena mbaineann sé?....4
- **1.3** Cad é cuspóir an bheartais seo?....4

2 BEARTAS....6
- **2.1** An tAthbhreithniú Tionscnaimh: Aidhmeanna agus Cuspóirí....6
- **2.2** An tAthbhreithniú Tionscnaimh: Raon....6
- **2.3** An tAthbhreithniú Tionscnaimh: An tSamhail....7
- **2.4** An Mhodheolaíocht....8
- **2.5** Na Critéir....8
- **2.6** Foireann an Athbhreithnithe....9
- **2.7** Foireann na Tuarascála Earnála....9
- **2.8** Torthaí....9
- **2.9** Táillí....10

3 ATHBHREITHNIÚ AR AN MBEARTAS SEO....11

AGUISÍN A CUSPÓIRÍ LEIS AN ATHBHREITHNIÚ....12

AGUISÍN B PRÓISEAS TÁSCACH ATHBHREITHNITHE....13

# 1 RÉAMHRÁ

In Aibreán 2016, bhunaigh QQI Croí-Threoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta a bhainfeadh le gach soláthraí, mar aon le Treoirlínte Sainearnála um Dhearbhú Cáilíochta i mBoird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna) i mBealtaine 2017[1]. Dírítear sna treoirlínte seo i dteannta a chéile ar fhreagrachtaí na mbord oideachais agus oiliúna as dearbhú cáilíochta, ina gcáil mar sholáthraithe suntasacha poiblí den bhreisoideachas agus den oiliúint. Corpraítear sna treoirlínte seo gach seirbhís oideachais, oiliúna agus gaolmhara a sholáthraíonn BOO, as a leanann dámhachtainí QQI, dámhachtainí eile a aithnítear sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC), nó dámhachtainí eile de chuid forais cháiliúcháin, rialála nó reachtúla eile.

Faoi Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 a bunaíodh na BOOnna. Is soláthraithe reachtúla iad BOOnna a bhfuil cúram orthu as oideachas agus oiliúint, obair óige agus feidhmeanna reachtúla eile. Déanann siad raon ionad a oibriú agus a bhainistiú, trína gcuirtear breisoideachas agus oideachas aosach agus oiliúint ar fáil, agus trína riartar iad. Déanann BOOnna bunoideachas agus iar-bhunoideachas a riaradh trí scoileanna agus cuireann siad raon soláthair neamhchreidiúnaithe ar fáil. Níl feidhm ag rialáil dearbhú cáilíochta QQI maidir leis na réimsí seo.

In 2018, d'athbhunaigh gach ceann de na sé BOO déag caidreamh le QQI. Tar éis an phróisis seo bhunaigh gach BOO a bheartais agus a ghnásanna féin maidir le dearbhú cáilíochta (DC) de réir alt 30 den Acht um Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) 2012. Aithníonn QQI go léiríonn na beartais agus na gnásanna sin nádúr an dearbhaithe cáilíochta laistigh d'earnáil na mBOO, nádúr atá ag athrú agus ag forbairt i gcónaí, de réir mar a leanann sé de phróisis na gcomhlachtaí oidhreachta a chomhtháthú.

Mar a leagadh amach i gCroí-Threoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta QQI, is ar an soláthraí, .i. BOO, atá an cúram príomha as cáilíocht agus dearbhú na cáilíochta, .i. is cuid bhunúsach de chóras dearbhaithe cáilíochta BOO iad athbhreithniú agus féinmheastóireacht ar cháilíocht. Áirítear ar oibleagáidí soláthraí i dtaca le dearbhú seachtrach cáilíochta athbhreithniú reachtúil ar dhearbhú cáilíochta a dhéanann QQI, mar atá leagtha amach san Acht um Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) 2012. Ní dhearnadh aon athbhreithniú seachtrach roimhe seo ar na BOOnna, trí QQI nó trí phróisis na n-iarfhorais oidhreachta cháiliúcháin. Mar sin is próiseas tionscnaimh athbhreithnithe a bheidh san athbhreithniú seachtrach a dhéanfaidh QQI ar dhearbhú cáilíochta sna BOOnna.

Tá QQI feasach ar chomhthéacs eagraíochtúil reatha na mBOOnna inar próiseas leanúnach é córais chuimsitheacha chomhtháite a bhunú don dearbhú cáilíochta. Mar sin phríomhfheidhm de chuid na n-athbhreithnithe a bheidh ann bonn eolais a sholáthar d'fhorbairt gníomhaíochtaí dearbhaithe agus breisithe cáilíochta sna heagraíochtaí féin. I gcás na n-athbhreithnithe tionscnaimh, glacfaidh QQI cur chuige uileghabhálach trína ndéanfar gach ceann de na sé BOO déag a athbhreithniú laistigh d'achar gearr mar chuid de chlár comhtháite athbhreithnithe.

1 https://www.qqi.ie/Downloads/Core%20Statutory%20Quality%20Assurance%20Guidelines.pdf https://www.qqi.ie/Publications/Publications/Sector%20specific%20QA%20Guidelines%20for%20ETBs.pdf

## 1.1 COMHTHÉACS REACHTÚIL

Tá feidhmeanna athbhreithnithe QQI leagtha amach i ranna éagsúla den Acht um Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) 2012 (leasaithe) - a dtabharfar 'Acht 2012' air anseo feasta.

Baineann an beartas leis an oibleagáid atá ar QQI faoi alt 27(b) d'Acht 2012 gnásanna a bhunú le gur féidir le QQI a éifeachtaí atá gnásanna dearbhaithe cáilíochta soláthraí agus an tslí a gcuirtear i bhfeidhm iad a athbhreithniú.

Baineann an beartas, freisin, le halt 34 d'Acht 2012, athbhreithniú seachtrach a dhéanann QQI ar ghnásanna dearbhaithe cáilíochta soláthraí (BOO sa chás seo). Cuimsíonn sé seo athbhreithnithe ar sholáthraithe aonair agus athbhreithniú téamach tras-earnála.

## 1.2 CÉ LENA MBAINEANN SÉ?

Ní bhaineann an beartas seo ach le soláthraí d'aicme amháin, .i. na boird oideachais agus oiliúna a ainmníodh san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Bainfidh an beartas le QQI freisin, nuair a dhéanann sé athbhreithniú seachtrach ar an dearbhú cáilíochta in BOO agus le hathbhreithneoirí a choimisiúnóidh QQI chun athbhreithnithe a dhéanamh faoin mbeartas seo.

## 1.3 CAD É CUSPÓIR AN BHEARTAIS SEO?


Leagtar amach sa bheartas seo cur chuige QQI i leith athbhreithniú tionscnaimh na mBOO, a bheidh mar bhonn le forbairt gnásanna mionsonraithe don phróiseas. Féachfar ann leis na nithe seo a leanas a leagan amach:

- na haidhmeanna agus na cuspóirí bunúsacha atá leis an athbhreithniú seachtrach ar dhearbhú cáilíochta;
- na critéir a ndéanfar BOO a athbhreithniú dá réir;
- an tsamhail agus an mhodheolaíocht atá ceaptha; agus
- torthaí an athbhreithnithe sheachtraigh ar dhearbhú cáilíochta.

Leagtar amach sa bheartas paraiméadair shoiléire le haghaidh raon, feidhmeanna agus éifeacht an athbhreithnithe i gcás na bpáirtithe leasmhara uile agus tuiscint orthu sin ar fad. Breiseoidh sé an fhorbairt leanúnach atá á déanamh ar dhearbhú cáilíochta san earnáil trína chumasú do QQI agus do na BOOnna éifeacht a thabhairt don chomhpháirt lárnach de chóras dearbhaithe cáilíochta QQI (féach Fíor 1).

Níl sé i gceist sa bheartas seo le bearta mionsonraithe a leagan síos faoin tslí le hathbhreithniú a sheoladh. Is amhlaidh chun dóthain solúbthachta a thabhairt le gur féidir socruithe mionsonraithe a phlé, a aontú agus a oiriúnú faoi mar is gá agus is cuí.

Fíor 1: Comhthéacs Náisiúnta an Dearbhaithe Cáilíochta



# 2 BEARTAS

## 2.1 AN tATHBHREITHNIÚ TIONSCNAIMH: AIDHMEANNA AGUS CUSPÓIRÍ

Is é aidhm an athbhreithnithe tionscnaimh meastóireacht sheachtrach neamhspleách a sholáthar ar fheidhmiú agus éifeachtúlacht na ngnásanna dearbhaithe cáilíochta i ngach BOO. Ba chóir go dtabharfadh na hathbhreithnithe tuiscint níos fearr ar chultúr na cáilíochta ar gach leibhéal de gach BOO agus ar an meas a léirítear ar an gcultúr sin agus go rachadh sé níos faide ná srac-chuntas ar na gnásanna cáilíochta atá ann. Ba chóir go gcothóidís muinín i seachadadh an bhreisoideachais agus na hoiliúna tríd an trédhearcacht agus an chuntasacht a mhéadú i gcás an dearbhaithe cáilíochta sa soláthar sin.

Seo a leanas na sé cinn de chuspóirí iltoise atá ag QQI maidir leis an athbhreithniú tionscnaimh ar dhearbhú cáilíochta sna BOOnna:

- Cultúr cáilíochta a mhisniú mar aon le breisiú na timpeallachta agus an eispéiris foghlama sna BOOnna
- Aiseolas a sholáthar do na BOOnna mar gheall ar cháilíocht ghinearálta na n-eagraíochtaí agus an tionchar atá ag cúrsaí misin, straitéise, rialachais agus bainistíochta ar cháilíocht agus a éifeachtaí atá a ngnásanna dearbhaithe cáilíochta tríd is tríd.
- Cur le muinín an phobail i gcáilíocht sholáthar na mBOO tríd an trédhearcacht agus feasacht phoiblí a chur chun cinn.
- Tacú le feabhsú ar fud an chórais ar cháilíocht an bhreisoideachais agus oiliúna sna BOOnna.
- An cháilíocht a spreagadh trí mhodhanna agus comhairle oibiachtúla, bunaithe ar fhianaise, a úsáid.
- Deis a sholáthar na BOOnna chun a gcéim forbartha, a misean agus a gcuspóirí a chur i bhfocail agus dearbhú cáilíochta a soláthair féin a léiriú, ar bhonn aonair agus mar earnáil.

## 2.2 AN tATHBHREITHNIÚ TIONSCNAIMH: RAON

Is éard a bheidh i raon na n-athbhreithnithe tionscnaimh ar dhearbhú cáilíochta na socruithe dearbhaithe cáilíochta atá bunaithe ag gach BOO laistigh dá réimse oibríochta ó thaobh an tsoláthair oideachais agus oiliúna (seachas soláthar scoile chéad agus dara leibhéal) agus seirbhísí gaolmhara (m.sh. seirbhísí tacaíochta d'fhoghlaimeoirí). Raon comhlántach a bheidh ann, agus beidh sé i gcomhréir lena chasta atá an BOO. Áireofar air caidreamh an BOO le páirtithe leasmhara eile, ina bpobail áitiúla agus réigiúnacha, le BOOnna eile, agus le forais cháiliúcháin, rialála, gairmiúla nó reachtúla eile a bhfuil BOOnna ag obair leo ar mhaithe le cláir oideachais agus oiliúna agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar.

Díreofar sna hathbhreithnithe tionscnaimh ar mheastóireacht a dhéanamh ar a chuimsithí agus a éifeachtaí atá gnásanna dearbhaithe cáilíochta gach BOO, ag cur san áireamh a gcéim forbartha mar aonáin chomhtháite corparáideacha.

Seo na nithe a dhéanfar sna hathbhreithnithe:

- scrúdófar dearadh agus pleanáil na bpróiseas reatha inmheánacha cáilíochta agus a chomhsheasmhaí atá siad le Croí-Threoirlínte, Treoirlínte Sain-Earnála agus Sain-Topaice QQI um Dhearbhú Cáilíochta (Printíseachtaí agus Foghlaim Chumaisc san áireamh) agus beartais agus gnásanna eile faoi mar a bheadh;
- measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá gnásanna inmheánacha dearbhaithe cáilíochta ar mhaithe le cáilíocht an bhreisoideachais, na hoiliúna agus seirbhísí gaolmhara a bhunú, a fháil amach, a chothabháil agus a fheabhsú;
- bearnaí a shíltear a bheith sna meicníochtaí inmheánacha dearbhaithe cáilíochta a shainaithint, agus a chuí, a leordhóthanaí agus a thráthúla atá bearta pleanáilte chun díriú ar na bearnaí sin agus an tús áite a thugtar dóibh, i bhfianaise chéim reatha forbartha an BOO; agus
- scrúdú a dhéanamh ar ghnóthachtáil agus nuálaíocht BOO sa dearbhú cáilíochta agus breisiú an teagaisc agus na foghlama.

Féachfar san athbhreithniú le fáil amach an oiread atá socruithe déanta ag an BOO chun cáilíocht a dhearbhú dó féin i gcás gach ceann dá ionaid agus dá sholáthar (lena n-áirítear soláthar ar conradh agus soláthar pobail). In athbhreithnithe ina dhiaidh seo ar dhearbhú cáilíochta BOOnna, tógfar ar thorthaí na n-athbhreithnithe tionscnaimh agus déanfar foráil ionas gur féidir díriú níos mó ar bhreisiú na cáilíochta in BOOnna de réir mar a leanann na heagraíochtaí seo de bheith ag forbairt agus ag fás.

Cáilíochtúil thar aon ní eile a bheidh na hathbhreithnithe agus mar sin beidh fócas acu atá difriúil ó chreataí rialála eile a rialaíonn BOOnna, ach a chomhlánaíonn iad.

## 2.3 AN tATHBHREITHNIÚ TIONSCNAIMH: AN TSAMHAIL

Glacfaidh QQI samhail amháin le haghaidh athbhreithniú ar dhearbhú cáilíochta BOOnna agus beidh gnéithe solúbtha ann chun difreáil a dhéanamh idir BOOnna. Trí shamhail amháin a úsáid, beidh na cuspóirí ráite céanna ag gach athbhreithniú, leanfaidh siad an gnás ginearálta céanna, agus foilseofar na Téarmaí Tagartha céanna maidir leo, ina sonrófar cuspóirí, critéir agus torthaí ginearálta an athbhreithnithe.

Beidh deis ann do dhifreáil sa tsamhail sin. Is é próifíl an BOO a bheidh mar bhonn príomhúil leis an difreáil: cuirfear a mhéad agus a raon srl. san áireamh nuair a bheidh na foirne athbhreithnithe á n-imlonnú agus a dtéarmaí teagaisc á dtabhairt dóibh agus fad na gcuairteanna athbhreithnithe á socrú.

Cloífidh modheolaíocht an athbhreithnithe le samhail a bhfuil glacadh forleathan leis go hidirnáisiúnta i gcomhthéacsanna foghlama treasaí, .i.:

A. Téarmaí Tagartha a fhoilsiú;

B. Tuarascáil chuimsitheach féinmheastóireachta a chuireann an BOO i gcrích;

C. Foireann saineolaithe seachtracha a cheapadh mar phiar-athbhreithneoirí; Seo na nithe a dhéanann an fhoireann athbhreithnithe:

   i. measúnú seachtrach ar an bhféinmheastóireacht agus ar ábhar gaolmhar; agus

   ii. cuairt suímh a ndéanfaí fianaise ar dhearbhú cáilíochta sa BOO a scrúdú agus a bhailiú lena linn trí agallaimh le príomhbhaill foirne, foghlaimeoirí agus páirtithe leasmhara seachtracha;

D. Tuarascáil ón bhfoireann athbhreithnithe, ina mbeadh torthaí agus moltaí a thiomsú agus a fhoilsiú; agus

E. Gnás iar-oibre trína n-athbhreithneofar na gníomhartha a cuireadh i gcrích.

Gheofar tuilleadh eolais ar na socruithe gnásúla don athbhreithniú tionscnaimh ar dhearbhú cáilíochta na mBOO in Aguisín B.

## 2.4 AN MHODHEOLAÍOCHT

Bunaíodh na BOOnna go léir ag an am céanna agus is é seo an chéad athbhreithniú dá chineál ar an earnáil; déanfar an t-athbhreithniú tionscnaimh i bhfoirm oll-athbhreithnithe trína ndéanfar athbhreithniú in achar gearr ama ar gach ceann de na 16 BOO.

I dteannta an athbhreithnithe a dhéanfar ar gach BOO, bunófar foireann tuairiscithe earnála a chuirfidh ábhar machnaimh agus tuairimí ar fáil ar leibhéal earnála ar fhorbairtí, dúshláin agus deiseanna ó thaobh dearbhú cáilíochta. Foilseofar tuarascáil earnála ar leithligh mar thoradh ar an bpróiseas sin.

Deirtear in Acht 2012 go rachaidh QQI i gcomhairle le SOLAS (an eagraíocht stáit atá freagrach as an mbreisoideachas agus oiliúint in Éirinn a mhaoiniú agus a chomhordú agus monatóireacht a dhéanamh orthu) agus athbhreithniú á dhéanamh ar bhoird oideachais agus oiliúna. Déanfar amhlaidh i bhfoirm comhairliúchán le SOLAS i dtaobh na dTéarmaí Tagartha a shocrófar don athbhreithniú agus mionteagasc comhthéacsúil a sholáthróidh SOLAS d'fhoirne athbhreithnithe.

Má thagann eolas chun solais le linn an phróisis athbhreithnithe a thabharfadh údar imní mar gheall ar BOO, féadfaidh sé a bheith riachtanach deireadh a chur le próiseas an athbhreithnithe thréimhsiúil agus tús a chur le hathbhreithniú 'fócasaithe'[2].

## 2.5 NA CRITÉIR

Is iad na critéir a gcuirfear torthaí an athbhreithnithe i gcomparáid leo misean agus straitéis gach BOO ar leith, Treoirlínte QQI um Dhearbhú Cáilíochta agus beartais ábhartha eile de chuid QQI agus treoirlínte agus cleachtas ábhartha AE maidir le cáilíocht agus dearbhú cáilíochta.

2 Féach 'Gnásanna le haghaidh Athbhreithnithe Fócasaithe ón QQI ar Fheidhmiú agus Éifeachtúlacht Gnásanna Soláthraithe um Dhearbhú Cáilíochta': https://www.qqi.ie/ Downloads/Procedures%20for%20Focused%20Reviews%20by%20QQI%20of%20the%20Implementation%20and%20Effectiveness%20of%20Provider%20QA%20Procedures.pdf

## 2.6 FOIREANN AN ATHBHREITHNITHE

Sraith foirne seachtracha athbhreithnithe a dhéanfaidh na hathbhreithnithe. Ar na foirne beidh piar-athbhreithneoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta, a d'fhéadfadh a bheith ina mbaill foirne nó ina bhfoghlaimeoirí reatha nó ina n-iarbhaill foirne nó ina n-iarfhoghlaimeoirí ón gcóras oideachais agus oiliúna nó ina bpáirtithe leasmhara ábhartha seachtracha.

Déanfaidh QQI iarracht a chinntiú go mbeidh comhdhéanamh éagsúil ar gach foireann athbhreithnithe, go mbeidh gach duine san áireamh ann agus go mbeidh meascán cuí inscne ann. Chun neamhspleáchas an phróisis a chosaint, ní cheapfar aon cheannaire reatha ar BOO ina chathaoirleach ar fhoireann athbhreithnithe. Áireofar ar líon gach foirne athbhreithnithe saineolaithe a bhfuil eolas agus taithí acu ar bhreisoideachas agus oiliúint, dearbhú cáilíochta, athbhreithniú seachtrach, agus cumas cruthaithe chun an teagasc agus an fhoghlaim a chur ar aghaidh.

Is féidir go mbeidh éagsúlacht sna foirne ag brath ar mhéid agus ar chastacht na mBOOnna laistigh dá sainordú. Is é QQI a dhéanfaidh an ceadú deireanach ar chomhdhéanamh gach foirne athbhreithnithe, le cinntiú nach mbíonn aon choimhlinte leasa ann.

Cuirfear oiliúint maidir leis córas breisoideachais agus oiliúna na hÉireann, comhthéacs dearbhaithe cáilíochta na mBOO, gnás an athbhreithnithe agus a ról san athbhreithniú ar gach ball den fhoireann athbhreithnithe.

## 2.7 FOIREANN NA TUARASCÁLA EARNÁLA

Chun gur féidir tuarascáil earnála a chur i dtoll a chéile, bunófar foireann chun dul i mbun tuarascáil earnála. Ceapfaidh QQI an fhoireann tuarascála earnála chun gur féidir le hathbhreithneoirí agus páirtithe leasmhara eile tuairimí maidir le dearbhú cáilíochta san earnáil ar leibhéal an chórais a shainaithint.

## 2.8 TORTHAÍ

Ar cheann de na príomhthorthaí atá ceaptha le teacht as na hathbhreithnithe tá dioscúrsa ar cháilíocht a spreagadh laistigh de gach BOO trí anailís chriticiúil agus plé lánbhríoch. Ba chóir é seo a léiriú sa tuarascáil féinmheastóireachta foilsithe agus a iompar ar aghaidh isteach sa phlé le foireann an athbhreithnithe agus san iar-obair.

Cuirfidh foirne athbhreithnithe dréacht-tuarascáil athbhreithnithe ar fáil do QQI maidir le gach BOO. Leagfar amach i dtuarascáil fhoireann an athbhreithnithe na torthaí i gcás gach ceann de chuspóirí an athbhreithnithe ar dhearbhú cáilíochta. Chomh maith le torthaí ar leith, cuirfear ráiteas ginearálta ar fáil ar a éifeachtaí atá gnásanna dearbhaithe cáilíochta na mBOO agus an tslí a gcuirtear i bhfeidhm iad. Mar athbhreithniú bunaithe ar fhianaise, ní luafar sna tuarascálacha ach an fhianaise a bhaileoidh foireann an athbhreithnithe roimh nó le linn na príomhchuairte athbhreithnithe.

Beidh deis fhoirmiúil ag BOO le linn tréimhse ama ag deireadh an athbhreithnithe chun cruinneas na bhfíricí sa tuarascáil athbhreithnithe a sheiceáil agus iarrfar orthu freagra foirmiúil ar an tuarascáil athbhreithnithe a chur isteach. Ceadóidh agus foilseoidh QQI an tuarascáil agus an freagra.

Tar éis gach tuarascáil aonair a fhoilsiú, ullmhóidh gach BOO plean gníomhaíochta ina ndíreofar ar mholtaí thuarascáil an athbhreithnithe agus foilseofar é. Breithneoidh QQI an plean gníomhaíochta laistigh de bhliain mar chuid de ghnáthphróisis monatóireachta. Tar éis tuarascáil an athbhreithnithe a fhoilsiú, iarrfaidh QQI aiseolas ar an BOO ar a thaithí ar an bpróiseas le go mbeidh sé ar fáil d'athbhreithnithe ina dhiaidh sin.

Má aithníonn foireann an athbhreithnithe údair shuntasacha imní, go háirithe i dtaca leis an tslí a gcomhlíonann an BOO na riachtanais ábhartha reachtúla, aithneofar na húdair imní sin go soiléir sa tuarascáil a bhreithneoidh QQI. Tar éis an bhreathnaithe sin, is féidir leagfaidh QQI síos treoracha don BOO agus aontófar plean gníomhaíochta chun díriú ar na fadhbanna aitheanta.

I gcás ina measann QQI nach leor an dul chun cinn atá á dhéanamh chun an plean gníomhaíochta a chur i bhfeidhm, féadfaidh QQI, i gcomhairle leis an BOO, idirghabháil a dhéanamh chun an plean a leasú nó a luasghéarú, nó athbhreithniú 'fócasaithe' a bhunú ina ionad.

Soláthróidh foireann na tuarascála earnála tuarascáil earnála ina mionsonrófar na torthaí, na húdair mhachnaimh agus na tuairimí uile. Déanfaidh foireann na tuarascála earnála machnamh ar chomhthéacsanna na mBOO ar leith, ar na gnásanna dearbhaithe cáilíochta agus feabhsaithe cáilíochta atá bunaithe acu agus aithneoidh siad torthaí ginearálta agus moltaí le haghaidh gníomhaíochtaí straitéiseacha nó earnála do na blianta atá romhainn. Foilseoidh QQI an tuarascáil earnála.

## 2.9 TÁILLÍ

Leagtar amach in Alt 80 d'Acht 2012 raon seirbhísí ar ceadmhach do QQI táillí a ghearradh ina leith. Ina measc sin tá táillí maidir le hathbhreithniú ar ghnásanna dearbhaithe cáilíochta. I gcomhréir leis an reachtaíocht, cinneann QQI táillí le toiliú an Aire Oideachais agus Scileanna agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.[3]

3 Gheofar beartas QQI ar 'Táillí do Sheirbhísí QQI' ag: https://www.qqi.ie/Publications/Publications/Fees%20for%20QQI%20Services.pdf

# 3 ATHBHREITHNIÚ AR AN MBEARTAS SEO

Ceapfar modheolaíocht ar leith don athbhreithniú tionscnaimh seo agus athrófar é ina dhiaidh sin nuair a bheidh timthriallacha eile d'athbhreithnithe á bpleanáil. Mar sin beidh deireadh leis an mbeartas seo tar éis an athbhreithnithe tionscnaimh agus gabhfaidh ceann nua a áit.

# AGUISÍN A

## CUSPÓIRÍ AN ATHBHREITHNITHE

| Cuspóir | A Baineadh Amach agus a Tomhasadh Trí |
|---|---|
| 1. Cultúr cáilíochta a mhisniú mar aon le breisiú na timpeallachta agus an eispéiris timpeallachta agus an eispéiris foghlama sna BOOnna | • Béim a chur in athbhreithnithe ar an bhfoghlaimeoir agus ar an eispéireas foghlama.<br>• Páirt chuiditheach lánbhríoch a thabhairt don fhoireann ar gach leibhéal den eagraíocht i gcéimeanna féinmheastóireachta agus meastóireachta seachtraí an athbhreithnithe.<br>• Fianaise a sholáthar ar réimsí nár mhiste a fheabhsú agus réimsí nár mhiste an beartas a leasú nó a athrú iontu agus an iar-obair a bhunú orthu.<br>• Cleachtais agus gnásanna nuálacha agus éifeachtacha a scrúdú.<br>• Fianaise a sholáthar ar dhearbhú cáilíochta agus ar bhreisiú cáilíochta sa BOO. |
| 2. Aiseolas a sholáthar do na BOOnna mar gheall ar cháilíocht ghinearálta na n-eagraíochtaí agus an tionchar atá ag cúrsaí misin, straitéise, rialachais agus bainistíochta ar cháilíocht agus a éifeachtaí atá a ngnásanna dearbhaithe cáilíochta tríd is tríd. | • Béim a chur ar úinéireacht, rialachas agus bainistíocht an dearbhaithe cáilíochta ar leibhéal corparáideach an BOO, .i. an tslí a ndéanann an BOO maoirseacht ar dhearbhú cáilíochta.<br>• An t-athbhreithniú a dhíriú ar leibhéal cuimsitheach ar fud an BOO.<br>• Comhlíonadh na reachtaíochta, na mbeartas agus na gcaighdeán a mheas.<br>• Tionchar agus éifeachtúlacht na ngnásanna dearbhaithe cáilíochta a mheas. |
| 3. Cur le muinín an phobail i gcáilíocht sholáthar na mBOO tríd an trédhearcacht agus feasacht phoiblí a chur chun cinn. | • Cloí le cuspóirí, critéir agus torthaí atá soiléir agus trédhearcach.<br>• Tréimhse ama agus Téarmaí Tagartha soiléire don athbhreithniú a fhoilsiú.<br>• Tuairisciú BOO ar dhearbhú cáilíochta a mheas, mar chuid den athbhreithniú, le cinntiú go bhfuil sé trédhearcach agus intuigthe.<br>• Tuarascálacha agus torthaí ar athbhreithnithe maidir le BOOnna aonair a fhoilsiú i suíomhanna agus i bhformáidí a d'oirfeadh do ghrúpaí éagsúla.<br>• Torthaí agus tuairimí earnála a fhoilsiú. |
| 4. Tacú le feabhsú ar fud an chórais ar cháilíocht an bhreisoideachais agus oiliúna sna BOOnna. | • Tuarascáil earnála a fhoilsiú, ina mbeidh tuairimí agus torthaí a bhaineann le leibhéal an chórais.<br>• Cleachtas éifeachtach a shainaithint agus a scaipeadh chun foghlaim i bpáirt a éascú. |
| 5. An cháilíocht a spreagadh trí mhodhanna agus comhairle oibiachtúla, bunaithe ar fhianaise, a úsáid. | • Leas a bhaint as saineolas athbhreithneoirí idirnáisiúnta, náisiúnta, foghlaimeora, tionscail agus páirtithe leasmhara eile atá neamhspleách ar an BOO.<br>• Féachaint chuige go mbíonn na torthaí bunaithe ar fhianaise ráite.<br>• A chur ar chumas BOOnna bearta ar mhaithe le cáilíocht a d'oirfeadh dá misean agus dá gcomhthéacs féin a aithint.<br>• Eiseamláirí den dea-chleachtas agus den nuálaíocht a shainaithint agus a scaipeadh, agus an nós sin a chur chun cinn. |
| 6. Deis a sholáthar na BOOnna chun a gcéim forbartha, a misean agus a gcuspóirí a chur i bhfocail agus dearbhú cáilíochta a soláthair féin a léiriú, ar bhonn aonair agus mar earnáil. | • Tuarascálacha féinmheastóireachta a fhoilsiú, tuarascálacha ina mbeadh ionchur ó fhoghlaimeoirí agus ó pháirtithe leasmhara ginearálta BOO.<br>• Tuarascálacha agus torthaí ar athbhreithnithe a fhoilsiú i suíomhanna agus i bhformáidí a d'oirfeadh do ghrúpaí éagsúla |

# AGUISÍN B

## PRÓISEAS TÁSCACH ATHBHREITHNITHE

| Céim | Gníomh |
|---|---|
| Ullmhúchán | Ullmhóidh gach BOO próifíl soláthraí (i. ina leagfar amach misean; cuspóirí straitéiseacha; comhthéacs áitiúil; sonraí ar phróifílí foirne; na forbairtí is déanaí; na príomhdhúshláin). |
| | Soláthróidh SOLAS sonraí ar na BOO (m.sh. sonraí ar phróifílí foghlaimeoirí; comhthéacs áitiúil; treo straitéiseach). |
| | Bunófar foirne d’athbhreithneoirí agus sainaithneofar na BOOnna a athbhreithneoidh gach foireann d’athbhreithneoirí, a roghnófar de réir phróifílí agus sonraí soláthraithe BOO agus i gcomhairle BOOnna i dtaobh coimhlintí leasa a d’fhéadfadh a bheith ann. |
| Tuarascáil Féinmheastóireachta | Ullmhóidh BOOnna féinmheastóireachtaí aonair, cuimsitheacha, maidir leis an eagraíocht uile maidir lena éifeachtaí a dhéanann cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus na ngníomhaíochtaí seirbhíse a dhearbhú. |
| Athbhreithniú Deisce | Athbhreithniú deisce a dhéanfaidh foirne athbhreithnithe ar na tuarascálacha féinmheastóireachta. |
| Cruinniú Tosaigh | Cruinniú tosaigh d’fhoireann an athbhreithnithe, lena n-áirítear oiliúint d’athbhreithneoirí, seisiún mionteagaisc ó SOLAS, plé ar na chéad rudaí atá tugtha faoi deara, agus iarratas ar aon doiciméid bhreise a bheidh de dhíth. |
| Cuairt Phleanála | Cuairt a thabharfaidh an cathaoirleach agus athbhreithneoir comhordaithe fhoireann an athbhreithnithe ar an BOO le heolas a chur ar an bpróiseas féinmheastóireachta, sceideal na príomhchuairte athbhreithnithe a phlé agus aon iarratais ar eolas breise a phlé. |
| An Phríomhchuairt Athbhreithnithe | Cuairt a thabharfadh foireann an athbhreithnithe chun fianaise a fháil ó fhoireann, foghlaimeoirí agus páirtithe leasmhara an BOO agus í a bhreithniú ó thaobh na gcuspóirí agus na gcritéar atá leagtha amach sna Téarmaí Tagartha. |
| Tuarascálacha ar BOOnna Aonair | Dréacht-tuarascáil athbhreithnithe BOO á ullmhú ag foireann an athbhreithnithe. |
| | Seolann QQI dréacht-thuarascáil chuig an BOO le gur féidir cruinneas na bhfíricí a sheiceáil. |
| | Tugann an BOO freagra mar aon le ceartú ar aon fhíricí neamhchruinne. |
| | Seoltar an tuarascáil deiridh chuig an BOO. |
| | Freagra ón BOO ar thuarascáil an athbhreithnithe. |
| Torthaí | Breithníonn QQI torthaí ina dtuairiscí athbhreithnithe aonair ar BOOnna agus freagraí na n-eagraíochtaí trí phróisis rialachais. |
| | Foilsítear tuarascálacha athbhreithnithe ar BOOanna mar aon le freagra na n-eagraíochtaí. |
| Iar-obair | Plean gníomhaíochta a bheidh le hullmhú ag BOO. |
| | Lorgaíonn QQI aiseolas ó BOO ar eispéireas an athbhreithnithe. |
| | Tuarascáil iar-oibre bliain níos déanaí ón BOO chuig QQI. Féadfar an tuarascáil seo (agus aon iar-obair a leanfadh é) a chomhtháthú i dtuarascálacha bliantúla chuig QQI. |
| | Tuairisciú agus dialóg leanúnach ar iar-obair trí phróisis bhliantúla tuairiscithe agus dialóige. |